Urnaí Chun Bheith Dea-Bheathach Trócaireach

A Thiarna Dia,
Múin dom
gan formad,
fuath,
leithscéal,
aithris,
tacú,
móradh,
ná marú
a chleachtadh ar a son súd a bhaineann a ngreim de bhéal daoine eile,
á theagasc dóibh bheith suáilceach,
a itheann a sáith, á chur in úil do lucht an ghátair go bhfeabhsóidh an saol
dóibh ar ball,
a mheallann an cine daonna i dtreo an duibheagáin, nuair a thugaid
grá ar fhuath,
dílseacht ar mhídhílseacht,
fírinne ar éitheach,
saoirse ar dhaoirse,
easpa ar iomarca,
laochas ar dh´unmharú,
maith ar an olc
Agus a Thiarna Dia,
Múin dom
agus bia agam, cuimhneamh ar an ocrach,
agus obair agam, cuimhneamh ar an té atá gan obair,
agus teach agam, cuimhneamh ar an té atá gan teach,
agus saoirse agam, cuimhneamh ar an bpríos´unach,
agus mé saor ó phian, cuimhneamh ar an té at´a i bpian,
agus grá daoine agam, cuimhneamh ar an té gan grá éinne,
agus mé im beathaidh, cuimhneamh ar an té at´a ag fáil bháis,
agus mé marbh, cuimhneamh ar a bhfuil beo
Agus á mheabhrú san dom,
cabhraigh liom mianta bogásacha a chur uaim,
an trócaire a mh´uscailt ionnam agus dá réir sin
mo chuid den aimsir agus den tsíoraíocht a chaitheamh
i mbun an mhaith a dhéanamh ar an talamh
ag tacú, le briathar agus le gníomh, le hurnaí agus le féiníobairt,
leo súd gur géarghátar dóibh
a bhfuil agam gan iarraidh.
Amen